Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6361/25**

**COMPET 78**
**BETREG 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde) an 6 Márta 2025*<br>Plé ar na pacáistí Omnibus um Shimpliúchán<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir leis na Pacáistí Omnibus um Shimpliúchán i bhfianaise na díospóireachta beartais a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 6 Márta 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**PÁIPÉAR PLÉ**

Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais

An Bhruiséil, an 6 Márta 2025

*Plé ar na pacáistí Omnibus um Shimpliúchán*

Le blianta beaga anuas, cuireadh go leor le creat rialála an Aontais Eorpaigh. Is ualach suntasach ar chuideachtaí Eorpacha é líon foriomlán na rialachán. Bíonn siad ag streachailt faoi ualach na castachta rialála agus bíonn orthu déileáil le hoibleagáidí nó srianta nua. Bíonn tionchar diúltach ag na tosca sin ar iomaíochas na bhfiontar Eorpach i leith cuideachtaí ó thríú tíortha, nach mbíonn orthu dul i ngleic leis an oiread céanna grinnscrúdaithe rialála is a bhíonn ar chuideachtaí Eorpacha.

Tugtar le fios sa Chompás Iomaíochais a foilsíodh le déanaí, mar is ceart, 'go bhfuil an t-ualach rialála ina bhac ar iomaíochas na hEorpa'[1]. I bhfianaise na ndúshlán iomaíochais atá ag dul i méid san Eoraip, tá **géarghá le tabhairt faoi iarrachtaí simpliúcháin le diongbháilteacht níos mó ná riamh.**

D'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige sraith tionscnamh simpliúcháin a fhoilsiú chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, lena n-áirítear pacáistí Omnibus lena gcumhdaítear simplithe forleathana i réimsí beartais sonracha. Tá sraith pacáistí omnibus le cur síos in 2025 de réir chlár oibre 2025 an Choimisiúin, agus aghaidh á tabhairt ar chuíchóiriú agus simpliú an tuairiscithe inbhuanaitheachta, ar dhícheall cuí inbhuanaitheachta agus ar thacsanomaíocht sa chéad Omnibus agus ar shimpliú infheistíochta – sa dara ceann. Díreoidh an tríú pacáiste Omnibus, i measc nithe eile, ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus ar cheanglais pháipéir a bhaint sa reachtaíocht maidir le táirgí.

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, lch, 16.

Ina theannta sin, díreoidh iarrachtaí simplithe breise in 2025, i measc réimsí eile, ar athbhreithniú ar an *acquis* digiteach agus ar shimpliú an Chomhbheartais Talmhaíochta. Sa teachtaireacht uaithi maidir le cur chun feidhme agus simpliú[2] d'iarr an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle machnamh a dhéanamh ar dhlús a chur leis na comhaid sin, ag gníomhú dóibh ar na tograí simpliúcháin gan codanna eile den reachtaíocht a athoscailt, chun an tsoiléireacht agus an faoiseamh uasta a chur ar fáil go gasta do chuideachtaí.

Tá bearta déanta ag Uachtaránacht na Polainne, i gcomhaontú leis na comhpháirtithe ón bhfoireann trí Uachtaránacht, chun an próiseas a eagrú sa Chomhairle ar bhealach a éascóidh maoirseacht pholaitiúil na Comhairle Eorpaí. Is éard atá i gceist leis sin comhordú éifeachtúil na hoibre a bhaineann le comhaid reachtacha atá faoi shainchúram foirmíochtaí ábhartha éagsúla na Comhairle faoin gComhairle Gnóthaí Ginearálta.

Tá ról fíorthábhachtach ag an gComhairle Iomaíochais, ag teacht le chéile na n-airí a oibríonn go dlúth leis an bpobal gnó agus a léiríonn dearcadh cuimsitheach ar an Margadh Aonair, maidir le tacú leis an bpróiseas sin agus rannchuidiú leis, toisc gur fearr atá sí chun riachtanais athraitheacha fiontraithe a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Déanfaidh an Chomhairle Iomaíochais faireachán ar na hiarrachtaí simpliúcháin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le pacáistí Omnibus ionas go rachaidh siad i ngleic leis na dúshláin chearta agus go dtabharfaidh a dtorthaí faoiseamh inbhraite don phobal gnó.

Díreoidh go leor de na tionscnaimh simpliúcháin thuasluaite go háirithe ar ualaí riaracháin ar FBManna a mhaolú. Is ábhar imní é i measc fiontraithe go bhféadfadh an líon mór ceanglas tuairiscithe (e.g. pointí sonraí), in éineacht le brú ó iniúchóirí maidir le comhlíonadh uasta, ualach neamhbheartaithe a chur ar FBManna laistigh den slabhra luacha cé nach ndírítear go díreach orthu faoi raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe. Ós rud é gur príomh-chomhpháirtithe gnó nádúrtha do FBManna iad cuideachtaí móra, a chaithfidh na ceanglais sin a chomhlíonadh, beidh an gá le méideanna méadaitheacha faisnéise a sholáthar ina dhlúthchuid de ghnó a dhéanamh. Is léir sin go háirithe nuair a bhaineann cuideachtaí móra úsáid as oibleagáidí conarthacha chun ceanglais dhíréireacha a chur ar FBManna i bhfianaise mhéid agus chumais a ngnólachtaí. Mar thoradh air sin, dírítear na hiarrachtaí simpliúcháin, mar is ceart, ar aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí síothlaithe a d'fhéadfadh a bheith ag ceanglais tuairiscithe éagsúla ar chuideachtaí móra.

---

[2] Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, lch 6-7.

Thairis sin, is léir go bhfuil gá le simpliú i réimsí eile de *acquis* an Aontais, seachas na réimsí sin a tugadh faoi deara sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cur Chun Feidhme agus Simpliú, agus ní mór don obair uaillmhianach a d'fhógair an Coimisiún aghaidh a thabhairt orthu a thuilleadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bhfócas ar FBManna i ndáil leis sin, ós rud é go bhféadfadh an baol a bhaineann le héifeachtaí síothlaithe agus le hualaí neamhbheartaithe a chur orthu a bheith soiléir, ní hamháin sa tuairisciú inbhuanaitheachta, ach i gceanglais tuairiscithe agus rialála eile freisin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith ina phríomhthosaíocht creat dlíthiúil marthanach atá dírithe ar fhás a chruthú do na cuideachtaí sin, chun a áirithiú gur féidir leo méadú agus leanúint dá bhfás san Eoraip.

Tá an obair ar na chéad phacáistí Omnibus um shimpliúchán agus ar na pacáistí Omnibus um shimpliúchán ina dhiaidh sin ríthábhachtach, toisc go mbunófar leis sin an treoirphlean le haghaidh réimse leathan na n-iarrachtaí simpliúcháin a d'fhógair an Coimisiún. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfar é a phróiseáil go tapa agus ar bhealach dírithe.

Beidh na pacáistí tosaigh sin ina dtagarmharc maidir leis an gcaoi a rachfar i ngleic le sruthanna oibre simpliúcháin amach anseo agus maidir leis an gcaoi a gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór dúinn dul i mbun plé maidir leis na réimsí beartais ar cheart dul i ngleic leo le pacáistí Omnibus a bheidh ann amach anseo.

Ceisteanna plé

1. Agus aird á tabhairt ar ghuthanna na bpobal gnó sna Ballstáit agus, go háirithe, ar na hualaí a chuirtear ar FBManna, cad iad na réimsí eile in *acquis* an Aontais seachas na réimsí sin a chumhdaítear leis na homnibus a fógraíodh a bhfuil gá le bearta práinneacha simpliúcháin ina leith chun ár n-iomaíochas a neartú?
2. Conas is féidir linn a chinntiú go mbainfear torthaí amach le 'modh Omnibus', as a dtiocfaidh comhaontú tapa agus simpliú ar an láthair? Cad iad na bearta breise is féidir leis an gComhairle, leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do bhearta simpliúcháin?